

Comhairliúchán Poiblí

**CUIR DO THUAIRIMÍ IN IÚL**

# Dréacht-Ghréasán Bus Nua atá deartha dá bhfuil i ndán do Luimneach.

Ba mhaith linn cluinstin uait.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Project Ireland 2040
*Building Ireland's Future*

BUS CONNECTS LIMERICK
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

## Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. Tá an clár ar áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030 agus sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 ón Rialtas.

## Cad atá ag tarlú i Luimneach?

Is é atá i gceist le clár BusConnects Luimnigh ná naoi mbeart atá ceaptha chun córas bus Luimnigh a athrú ó bhonn. Cabhróidh an clár seo le húsáid an iompair phoiblí a mhéadú go suntasach, rud atá ar cheann de na huaillmhianta atá i Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne. Dhréachtaigh an tÚdarás Gréasán Bus Nua do Luimneach le haghaidh comhairliúchán poiblí, agus ba mhaith leis d'aiseolas a fháil ar na tograí sin. Cuirfidh an Dréacht-Ghréasán Nua feabhas mór ar an taisteal de bhus, agus an gréasán iompair phoiblí á athrú ó bhonn a bhuí le seirbhísí feabhsaithe nua.

## Cén dóigh a gcuirfear feabhas ar Chóras Bus Luimnigh?

1. An Gréasán Bus a athdhearadh
2. Gréasán nua conairí bus agus lánaí rothar a thógáil
3. Córas ticéadaithe úrscothach a chur chun feidhme
4. Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme
5. Struchtúr táillí níos simplí
6. Libhré nua bus
7. Stadanna agus scáthláin nua bus a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu
8. Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
9. Aistriú chuig flít busanna astaíochtaí nialasacha

## Na tairbhí a bheidh ag baint leis an Dréacht-Ghréasán Bus Nua

- Méadú 70% i Seirbhísí Bus i gcathair Luimnigh agus a bruachbhailte.
- Agaí feithimh níos giorra agus bealaí níos dírí do chuid mhór daoine.
- Gréasán agus sceidil níos simplí.
- Seirbhísí breise ag an deireadh seachtaine.
- Bealach bus nua 24 huaire an chloig a nascann Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Lár na Cathrach agus Ollscoil Luimnigh le chéile.

## Faigh Tuilleadh Faisnéise agus Cuir do Thuairimí in Iúl

Is é atá i gceist leis an mbabhta comhairliúcháin seo ná do thuairimí a fháil faoi na tograí don dréachtghréasán bus nua. Tugtar sa leabhrán seo mionsonraí faoi na bealaí bus atá beartaithe i do cheantar agus faoi na háiteanna a nascfaidh siad leo.

Chun amharc ar an Tuarascáil iomlán ar an Dréacht-Ghréasán Bus Nua agus chun úsáid a bhaint as an léarscáil ar líne, tabhair cuairt ar:

**https://busconnects.ie/limerick/**


Chun d'aiseolas a thabhairt dúinn, seol do thuairimí chugainn trí úsáid a bhaint as an bhfoirm aiseolais ar líne ar ár suíomh Gréasáin.

**https://busconnects.ie/limerick/**

Is féidir leat do thuairimí a sheoladh i scríbhinn chuig:
**Dréacht-Ghréasán Bus Nua Luimnigh,**
**An tÚdarás Náisiúnta Iompair,**
**Dún Scéine, Lána Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 WT20**


Má theastaíonn uait faisnéis bhreise nach bhfuil ar fáil sa leabhrán seo ná ar an suíomh Gréasáin, seol ríomhphost chuig **Limericknetwork@busconnects.ie** nó cuir glao ar **1800 303 653**.
Is féidir an dáta deiridh le haghaidh aiseolas a chur isteach a fháil ar an suíomh Gréasáin.

## Taisteal le BusConnects Luimnigh




### Gréasán Nua, uimhreacha nua.


Beidh uimhreacha bealaigh úrnua ag BusConnects.




Cad a chiallaíonn sé nuair a scoilteann dhá chraobh ar an léarscáil?

### Leanann na craobhacha bealaigh ar aghaidh ag minicíocht níos ísle.

### Táillí Simplithe.




Clúdóidh an táille seo gach turas bus agus iarnróid comaitéara a tosaíodh laistigh de thréimhse 90 nóiméad.

### Cén uair a athróidh an gréasán bus?

Tabharfar an gréasán nua bus isteach sa bhliain 2025. Mar sin, beidh go leor ama agat chun éirí cleachta le do bhealaí nua agus leis na huimhreacha bus nua.




# Bealaí bus i do cheantar áitiúil

| Bealach | Ó | Trí | Go | Minicíocht |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile | **Áth Longfoirt** | Gach 15 nóiméad |
| 1A | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Ascaill Áth Longfoirt - Céide Chois Abhann | **Bruach na Sionainne** | Gach 30 nóiméad |
| 1B | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Garrán Annaville | **Westbury trí Gharrán Annaville** | Gach 60 nóiméad |
| 1C | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Bóthar Avonmore - Bóthar Bhaile Choimín - Bóthar Thuar an Daill - Ionad Siopadóireachta an Chorráin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Bóthar de hÍde - Stáisiún Cholbaird - Sráid Mhala - Lár na Cathrach - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Céide Crofton | **Westbury trí Chéide Crofton** | Gach 60 nóiméad |
| 2 | **Maoilis** | Seanbhóthar na Creatalaí - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | **Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh** | Gach 15 nóiméad |
| 2A | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Seanbhóthar na Creatalaí - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | **Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh** | Gach 30 nóiméad |
| 2B | **Ionad Siopadóireachta Jetland** | Bóthar Derravarragh - Céide Sheelin - Whitethorn Drive Upper - Seanbhóthar na Creatalaí - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Maoilis - Sráid Uí Sheasnáin - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Sráid Mulgrave - Bóthar Childers - Bóthar Mhuileann na Fola - Bóthar na Grúdan - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford - Ollscoil Luimnigh - Droichead na hOllscoile | **Campas Thuaidh Ollscoil Luimnigh** | Gach 30 nóiméad |
| 3 | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ascaill Mhuire | **Páirc Uí Mháille** | Gach 15 nóiméad |
| 3A | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ascaill Mhuire - Páirc Uí Mháille | **An Bán Mór** | Gach 30 nóiméad |
| 3B | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar Dáileacháin Ó Cuanach/Chnoc an Lisín - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Chill Liaile - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Stáisiún Cholbaird - Bóthar Uí Chiara Uachtarach - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ascaill Mhuire - Páirc Uí Mháille - Bóthar Chill Mocheallóg | **An Sráidbhaile Seoirseach** | Gach 30 nóiméad |
| 4 | **Eaglais Neasáin** | Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Ascaill Uí Chonaill - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey | **Ollscoil Luimnigh** | Gach 10 nóiméad |
| 4A | **Bóthar an Athar Ruiséil** | R510 - Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Ascaill Uí Chonaill - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh - Bóthar Pháirc Plassey | **Áth an Choite trí Bhóthar Pháirc Plassey** | Gach 20 nóiméad |
| 4B | **Eastát Tionscail an Ráithín** | Ascaill Chloch an Chéitinnigh - Bóthar Neasáin - Bóthar Bhéal Átha na Cora - Ascaill Uí Chonaill - Lár na Cathrach - Cé Charlotte - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Pháirc Plassey - Ollscoil Luimnigh - Ionad Siopadóireachta Chaladh an Treoigh - Bóthar Choláiste Chaladh an Treoigh | **Áth an Choite trí Bhóthar Choláiste Chaladh an Treoigh** | Gach 20 nóiméad |
| 5 | **Ospidéal Ollscoile Luimnigh** | Bóthar Neasáin - Eastát Tionscail an Ráithín - Roches Avenue - Nascbhóthar Mhungairit - Páirc Mhungairit - Bóthar Mhungairit - R510 - Bóthar an Duga - Áth na bhFuinseog - Ascaill na Cúirte Brice - Bóthar an Duga - Sráid Uí Chonaill - Bóthar an Oileáin | **Páirc Mhuire** | Gach 30 nóiméad |
| 6 | **Ionad Siopadóireachta Ó Cuanach** | Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach - Plás na hArdeaglaise - Bóthar Gharraí Eoin - Bóthar Chlocháin Theas - Dún Chlocháin - Bóthar Phádraig - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar an Mhachaire Gailf - Bóthar Theach na Scoile - Ionad Siopadóireachta Chaladh an Treoigh - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Milford | **Ollscoil Luimnigh** | Gach 30 nóiméad |
| 11 | **Gairdíní an tSáirséalaigh** | Bóthar Chill Liaile - Ascaill Mhaigh Rois - Bóthar Mhóin na mBráthar - Bóthar na Seanbhuaile - Ascaill Uí Ógáin - Ascaill Uí Cheallacháin - An Bóthar Ard - Trá Mhic Fhlanncha - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach | **Stáisiún Cholbaird** | Gach 60 nóiméad |
| 12 | **Ionad Siopadóireachta Jetland** | R857 - Bóthar Condell - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar na hInse - Droichead an tSáirséalaigh - Lár na Cathrach | **Stáisiún Cholbaird** | Gach 60 nóiméad |
| 13 | **Stáisiún Cholbaird** | Sráid Mhala - Sráid Uí Chonaill - Sráid an Droichid - Sráid Áth Longfoirt - Bóthar an Chorrbhaile - Crois Uí Chonchúir - Crois na Dubhabhann - Arda na Leathchoille | **Ard na Croise trí Bhóthar an Chorrbhaile** | Gach 60 nóiméad |
| 14 | **Stáisiún Cholbaird** | Lár na Cathrach - Droichead an tSáirséalaigh - Bóthar na hInse - Bóthar Shíol Bhroin - Bóthar Chill Liaile - An Pairtín - Crois Uí Chonchúir - Crois na Dubhabhann - Arda na Leathchoille | **Ard na Croise trí Bhóthar Chill Liaile agus tríd an bPairtín** | Gach 60 nóiméad |

*Tá an mhinicíocht ag meán lae léirithe sa tábla. Is féidir go mbeidh seirbhísí níos minice le linn buaicuaireanta. Ní bheidh siad chomh minic céanna ag an deireadh seachtaine/sa tráthnóna.

# Léarscáil de Ghréasán Luimnigh

- An dóigh a mbaineann tú do cheann scríbe amach le BusConnects.



# Léarscáil de Ghréasán Chathair Luimnigh - An dóigh a mbaineann tú do cheann scríbe amach le BusConnects.

